Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2011*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn A (60 marc)*

**Dé hAoine, 17 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 - 5.00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** ______


## ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo

**A-1.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos bosca teileafóin traidisiúnta Éireannach.

Taispeántar foireann aiseanna isiméadracha agus líníocht neamhchríochnaithe den bhosca ar dheis.
Tá ingearchló agus bonnchló an bhosca suite i gcoibhneas leis na haiseanna mar a thaispeántar.

Críochnaigh an teilgean aismhéadrach.





**A-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos an droichead is nua i mBaile Átha Cliath atá i bhfoirm leath-pharabóile.

Taispeánann an líníocht ar dheis dronuilleog **ABCV** agus cuid den pharabóil inscríofa intí.

**(a)** Aimsigh an chuid eile de na pointí ar an gcuar agus críochnaigh an leath-pharabóil.

**(b)** Tarraing an leath íochtarach den pharabóil a léiríonn an scáil san uisce, mar a thaispeántar thíos.








**A-2.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos bosca poist. Taispeántar bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe an bhosca ar dheis.

**(a)** Críochnaigh an t-ingearchló.

**(b)** Tarraing cló cúnta den bhosca, ar an $X_1Y_1$ a thugtar, a thaispeánfaidh an fhíoruillinn idir na dromchlaí **A** agus **B**.





**A-4.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos trí choinneal agus iad i dteagmháil le chéile. Is é atá sa leagan amach ná cón agus dhá shorcóir. Tá na trí choinneal uile ina luí ar an bplána cothrománach.

Taispeánann an líníocht ar dheis bonnchló agus ingearchló an chóin **A**. Taispeántar an sorcóir **B** sa bhonnchló agus an sorcóir **C** san ingearchló.

**(a)** Tarraing ingearchló an tsorcóra **B**.


**(b)** Tarraing bonnchló an tsorcóra **C**.






**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2011*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn B agus Roinn C (180 marc)*

**Dé hAoine, 17 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 - 5.00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an scrúdpháipéar A3 a ghabhann leis seo.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá tugtha ar Roinn A agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

# ROINN B - Croíréimsí Staidéir

Freagair **dhá cheist ar bith** as an roinn seo ar pháipéar líníochta

**B-1.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis foscadh bus.




Taispeánann Fíor B-1 an bonnchló agus an t-ingearchló de mhionsamhail den fhoscadh bus.

**(a)** Tarraing an bonnchló a thugtar.

**(b)** Déan líníocht pheirspictíochta den struchtúr de réir na sonraí seo a leanas:

- Tá an breathnóir suite 70mm ón gcoirnéal **A**
- Tá plána an phictiúir i dteagmháil leis an gcoirnéal **A**
- Tá an léaslíne 40mm os cionn líne na talún.

**Scála 1:1**





**Fíor B-1**

**B-2.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis leagan amach trealaimh clós súgartha ina bhfuil tollán le dul isteach san áit súgartha atá cearnógach sa bhonnchló.


Taispeánann Fíor B-2 thíos bonnchló agus ingearchló an leagan amach.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar den struchtúr agus taispeáin na línte idirthreáite go léir.

**(b)** Tarraing taobhchló den struchtúr.



**Scála 1:1**




**Fíor B-2**

**B-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis mionsamhail de theallach.


Taispeánann Fíor B-3 bonnchló agus ingearchló an teallaigh.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar.

**(b)** Tarraing ingearchló cúnta den ***teallach***, a theilgtear ón mbonnchló, agus bíodh fíorchruth dhromchla **A** ann.

**Scála 1:1**






**Fíor B-3**

# ROINN C - Grafaic Fheidhmeach

Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta

# Céimseata Gheolaíoch

**C-1.** Ar an léarscáil a ghabhann leis seo agus atá le fáil ar leathanach cúil Roinn A, taispeántar comhrianta talún agus iad cúig mhéadar ó chéile go ceartingearach.

**(a)** Ar an líníocht atá tugtha, tarraing gearradh ceartingearach (próifíl) feadh na líne **AB**.

**(b)** Nuair a bhíonn fearthainn throm ann, bíonn tuile sa ghleann atá ar dheis ó phointe **A**. Tarraing líne ar an bpróifíl a léiríonn dromchla an uisce nuair a bhíonn sé 8 méadar ar doimhneacht.

**(c)** Is é **CD** lárlíne bóthair atá á bheartú agus atá leibhéalta ag airde 25 m.

Bain úsáid as taobhfhánaí 1 in 1 do na gearrthacha agus críochnaigh na hoibreacha talún ar an taobh ó thuaidh den bhóthar atá riachtanach don bhóthar.

*(**Nóta:** Tá na hoibreacha talún ar an taobh theas den bhóthar críochnaithe cheana féin.)*

**Scála 1:1000**

# Foirmeacha Struchtúracha


**C-2.** Taispeánann an íomhá ar dheis crochadán sreinge a lúbadh agus a tumadh ansin i leacht níocháin le brat parabólóideach hipearbólóideach a dhéanamh ar an dromchla.


Taispeánann Fíor C-2 thíos an bonnchló agus an t-ingearchló de dhromchla tipiciúil parabólóideach hipearbólóideach, **ABCD**.

Is cearnóg í imlíne an dromchla san ingearchló.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar den dromchla parabólóideach hipearbólóideach.

**(b)** Teilg taobhchló den dromchla parabólóideach hipearbólóideach.






**Fíor C-2**

# Céimseata Dhromchla

**C-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis dearadh i gcomhair feadóg réiteora.


Taispeántar bonnchló agus ingearchló na feadóige i bhFíor C-3.

**(a)** Tarraing na clónna a thugtar.

**(b)** Tarraing forbairt dromchla aonphíosa den fheadóg.



**Scála 1:1**




**Fíor C-3**

# Meicníochtaí Dinimiciúla


**C-4. (a)** Taispeánann an ghrafaic ar dheis cló méadaithe de mheicníocht loine agus chromáin as inneall gluaisteáin le cianrialú. Taispeánann Fíor C-4 thíos an léaráid líneach den mheicníocht seo. Tá alt pionna ag **A** idir an cromán **OA** agus an ghéag **AC**. Tá an pointe **B** suite ar an ngéag **AC** mar a thaispeántar.




De réir mar a rothlaíonn an cromán **OA** ar deiseal ar feadh imrothlú amháin, gluaiseann **C** feadh na haise ceartingearaí.

Breac lócas an phointe **B** don ghluaiseacht seo.

**Scála 1:1**




**Fíor C-4**

**(b)** Taispeánann an ghrafaic ar dheis cló méadaithe den cheamsheafta as inneall gluaisteáin dá leithéid.



Cuireann an ceam an cromán ag gluaiseacht mar seo:

- 0° go 150° Ardú 60mm le treoluas aonfhoirmeach
- 150° go 180° Fosadh
- 180° go 360° Titim 60mm le luasghéarú agus moille aonfhoirmeach.

Tarraing an léaráid díláithriúcháin.

**Nóta:** *Ní gá an próifíl den cheam a tharraingt.*

**Scála 1:1**

# Cóimeálacha

**C-5.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis lámh duine ar bhoschrann práis.

Tugtar sonraí an bhoschrainn i bhFíor C-5 agus tá an liosta páirteanna sa tábla thíos. Taispeántar freisin grafaic 3D de na páirteanna aonair.


***Nóta:*** *Fágadh cuid de na lárlínte ar lár mar mhaithe le soiléireacht.*

Tarraing ingearchló an bhoschrainn chóimeáilte.

*(Féadfar na toisí a fhágtar ar lár a mheas.)*




**Scála 1:1**




**Fíor C-5**

| Páirt | Ainm | Líon |
|---|---|---|
| 1 | Pláta Dorais | 1 |
| 2 | Luascghéag | 1 |
| 3 | Spásaire 6mm | 2 |
| 4 | Leicneán M8 | 1 |
| 5 | Cnó M8 | 1 |
| 6 | Bolta M8 | 1 |



Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán